Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0301(NLE)**

14499/1/23
REV 1

PECHE 468

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 14024/1/23 REV 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear le haghaidh 2024 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile<br>- Comhaontú polaitiúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an comhréiteach ón Uachtaránacht maidir leis an togra thuasluaite[1], mar a chomhaontaigh an Chomhairle é an 24 Deireadh Fómhair 2023:

1. Léirítear na hathruithe a rinneadh ar aithrisí agus airteagail an <u>togra ón gCoimisiún</u> i <u>**gcló trom a bhfuil líne faoi**</u> agus **[...]**
2. Leibhéil TAC athbhreithnithe san iarscríbhinn a ghabhann leis an <u>togra ón gCoimisiún</u>.
3. Ráitis.

---

[1] Baineann na hathruithe a léirítear sa doiciméad seo leis an leagan comhdhlúite den togra a eisíodh an 19 Deireadh Fómhair 2023 (14024/1/23 REV 1). Ní thaispeántar ach na hathruithe a rinneadh; ní thaispeántar sa doiciméad seo codanna nár athraíodh. Áirítear ar na hathruithe nuashonruithe ar an togra ón gCoimisiún a leagtar amach sa tríú páipéar leathoifigiúil ó sheirbhísí an Choimisiúin a eisíodh an 20 Deireadh Fómhair 2023 (14524/23).

## 1. ATHRUITHE AR NA hAITHRISÍ AGUS AR NA hAIRTEAGAIL

Leasaítear Aithris 7 mar a leanas:

(7) Is ann do stoic áirithe, a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2016/1139,a dtugann ICES comhairle ina leith nach ndéanfaí iad a ghabháil **[...]**. Mar sin féin, dá mbunófaí na TACanna ar na leibhéil arna moladh, thiocfadh feiniméan na 'tachtspeicis' chun cinn de thoradh na hoibleagáide gach gabháil a thabhairt i dtír, lena n-áirítear foghabhálacha ó na stoic sin in iascaigh mheasctha. Is éard is 'tachtspeiceas' ann speiceas lena mbaineann easpa cuóta a d'fhéadfadh tabhairt ar shoitheach iascaireachta amháin nó níos mó scor den iascaireacht fiú más rud é go bhfuil cuótaí fós ag an soitheach nó ag na soithí sin le haghaidh speicis eile. Is iomchuí, dá bhrí sin, TACanna sonracha a bhunú le haghaidh fhoghabhálacha na stoc sin chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an t-iascach a choinneáil ar bun i bhfianaise na n-impleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann mura ndéanfar amhlaidh, agus an gá atá le stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach le haghaidh na stoc sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar gach stoc in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe. Ba cheart leibhéal na TACanna foghabhála sin a shocrú chun a áirithiú go laghdófar ráta básmhaireachta na stoc sin, go gcuirfear dreasachtaí ar fáil chun feabhas a chur ar an roghnaíocht agus go ndéanfar foghabhálacha na stoc sin a sheachaint. Chun gabhálacha na stoc a laghdú a bhfuil TACanna foghabhála socraithe ina leith, ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh na n-iascach as a ngabhtar na stoic sin a shocrú ar leibhéil a chuideoidh le bithmhais na stoc leochaileach a athshlánú go leibhéil inbhuanaithe.

Leasaítear Aithris 7a mar a leanas:

(7a) De réir ICES, bíonn speicis á meascadh go pointe áirithe, ar a laghad, i bhformhór mór na n-iascach i Muir Bhailt[2]. Baineann an meascadh sin le speicis arna mbainistiú ag TAC de chuid an Aontais agus le speicis eile araon. Idir speicis pheiligeacha agus speicis ghrinnill a tharlaíonn an méid is tábhachtaí den mheascadh. Molann ICES gabhálacha nialasacha a dhéanamh ar scadáin ó Mhuir Bhailt Thiar, ar throisc ó Mhuir Bhailt Thoir agus ar bhradáin sa phríomh-imchuach in 2024. **[...]** **Ina theannta sin**, gabhálacha an-íseal a mholann ICES sa chomhairle réamhchúraim uaidh maidir le troisc ó Mhuir Bhailt Thiar. Dá bhrí sin, dá mbunófaí TACanna le haghaidh na stoc sin ar na leibhéil arna moladh ag ICES, bheadh ar shoithí a bhíonn ag iascach leathóg **[...]** go háirithe scor den iascaireacht in 2024. Bunaithe ar shonraí ó EUMOFA, meastar gurb é EUR 24.5 **milliún** **[...]** faoi seach luach céad-díola **[...]** an iascaigh leathóg **[...]** a cheadaítear a ghabháil laistigh de theorainneacha na TACanna atá beartaithe[3]. Maidir le hiascaigh atá dírithe ar speicis nach iascaigh arna mbainistiú ag TAC de chuid an Aontais iad, go háirithe speicis eile leathóg, bheadh ar go leor díobh, go háirithe iascaigh chósta ar mionscála, éirí an iascaireacht in 2024. Is iomchuí, dá bhrí sin, TAC a bhunú le haghaidh fhoghabhálacha na 'tachtspeicis' seo a leanas, faoi choinníollacha áirithe: **[...]** scadáin ó Mhuir Bhailt Thiar, **[...]** troisc ó Mhuir Bhailt Thoir, troisc ó Mhuir Bhailt Thiar agus bradáin sa phríomh-imchuach.

---

2 *ICES Fisheries Overviews, Baltic Sea ecoregion* [Forléargais Iascaigh ICES, Éiciréigiún Mhuir Bhailt] https://doi.org/10.17895/ices.advice.21646934

3 Bunaithe ar shonraí ó Fhaireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe (EUMOFA) maidir leis an bpraghas céad-díola agus an méid a thugtar i dtír, arna meánú do na blianta 2019-2021 i gcás Ballstáit shonracha, agus an meán sin arna choinbhéartú ina phraghas céad-díola, arna iolrú ar deireadh faoin gcuóta arna leithdháileadh do Bhallstát do 2024. Is é an praghas céad-díola an praghas atá ar éisc a thugtar i dtír agus a dhíoltar nó a chláraítear ag ionad ceant le ceannaitheoirí cláraithe nó le heagraíochtaí táirgeoirí. Dá bhrí sin, ní léiriú é an luach measta bunaithe ar an bpraghas céad-díola ach ar an luach ag an gcéad chéim den slabhra luacha.

Leasaítear Aithris 8 mar a leanas:

(8) Maidir leis an stoc trosc ó Mhuir Bhailt Thoir, measann ICES go bhfuil bithmhais an stoic trosc ó Mhuir Bhailt Thoir fós faoi bhun an phointe tagartha teorann maidir le bithmhais an stoic sceite, leibhéal ar faoina bhun a d'fhéadfadh laghdú a bheith ar an acmhainneacht síolraithe ($B_{lim}$), agus gur ar éigean a tháinig méadú uirthi i gcomparáid le 2022. Dá bhrí sin, molann ICES den chúigiú bliain as a chéile gan aon trosc ó Mhuir Bhailt Thoir a ghabháil[4]. Sna himthosca sin, is iomchuí, de bhun **[...]** Rialachán (AE) 1380/2013, na hiascaigh spriocdhírithe a choinneáil dúnta agus na bearta ceartaitheacha a bhfuil baint fheidhmiúil acu leo a choinneáil ar bun **[...].** Ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh foghabhálacha dosheachanta a shocrú ar leibhéal íseal agus feiniméan na 'tachtspeicis' á sheachaint ag an am céanna.

Leasaítear Aithris 9 mar a leanas:

(9) Maidir leis an stoc trosc ó Mhuir Bhailt Thiar, rinne ICES a chomhairle[5] maidir le comhairle réamhchúraim a íosghrádú mar thoradh ar éiginnteacht leanúnach sa chomhairle. Is cosúil faoi láthair go bhfuil an stoc faoi bhun $B_{lim}$ le formhór na 15 bliana seo caite agus go raibh sé ar leibhéal níos ísle ná riamh in 2022. Is gabhálacha an-íseal atá á moladh sa chomhairle réamhchúraim. Sna himthosca sin, is iomchuí, i gcomhréir le **[...]** Rialachán (AE) 1380/2013, na hiascaigh spriocdhírithe a choinneáil dúnta agus na bearta ceartaitheacha a bhfuil baint fheidhmiúil acu leo a choinneáil ar bun**, agus iascach áineasa le haghaidh troisc ó Mhuir Bhailt a dhúnadh** [...] . Ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh foghabhálacha dosheachanta a shocrú ar leibhéal íseal agus feiniméan na 'tachtspeicis' á sheachaint ag an am céanna.

Leasaítear Aithris 10 mar a leanas:

(10) Maidir le bradáin i bhforanna 22 go 31 ICES, lean ICES dá chomhairle maidir le gabhálacha nialasacha, chuir sé teorainn leis an bhféidearthacht leanúint d'iascaigh spriocdhírithe shamhraidh chósta d'fhoroinn 31 ICES, agus is é gabhálacha a laghdú atá á moladh aige sa chomhairle faoi ghabhálacha, dá réir[6]. Sna himthosca sin, is iomchuí, de bhun **[...]** Rialachán (AE) 1380/2013, an limistéar iascaireachta agus leibhéal na ndeiseanna iascaireachta a choigeartú i gcomhréir le comhairle ICES, agus na bearta ceartaitheacha a bhfuil baint fheidhmiúil acu leo a choinneáil ar bun.

Leasaítear Aithris 14 mar a leanas:

**(14) Maidir le scadáin i Murascaill na Boitnia, a mbaineann tábhacht mhór shocheacnamaíoch lena n-iascach, thug ICES comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe lena ngabhann raonta gabhálacha[7]. An tráth céanna, is**

[4] https://doi.org/10.17895/ices.advice.21820497
[5] https://doi.org/10.17895/ices.advice.21820494
[6] https://doi.org/10.17895/ices.advice.21820596
[7] https://doi.org/10.17895/ices.advice.21820521

**lú bithmhais an stoic ná an pointe tagartha ar faoina bhun a bhfuil gníomhaíocht shonrach iomchuí bhainistíochta le déanamh ($B_{trigger}$), agus tá dóchúlacht ann go dtitfidh an stoc faoi bhun $B_{lim}$ in 2025. Sna himthosca sin, is iomchuí, de bhun Rialachán (AE) 2016/1139, na deiseanna iascaireachta a shocrú sa raon íosta $F_{MSY}$.**

Leasaítear Aithris 15 mar a leanas:

(15) Maidir le scadáin ó Mhuir Bhailt Thiar, measann ICES, cé gur tháinig méadú ar bhithmhais an stoic, nach bhfuil inti ach 71 % de $B_{lim}$[8]. Thairis sin, tá an earcaíocht fós ar leibhéil níos ísle ná riamh agus meastar nach n-athshlánófar an bhithmhais os cionn $B_{lim}$ in 2025. Dá bhrí sin, molann ICES don séú bliain as a chéile gan aon scadán ó Mhuir Bhailt Thiar a ghabháil. Sna himthosca sin, is iomchuí, **de bhun [...] Rialachán (AE) 2016/1139,** na hiascaigh spriocdhírithe a choinneáil dúnta **[...] [...]** agus na deiseanna iascaireachta le haghaidh foghabhálacha dosheachanta **a shocrú [...]** ar leibhéal íseal **[...] chun [...]** feiniméan na 'tachtspeicis' a sheachaint.

Leasaítear Aithris 16 mar a leanas:

**(16) Maidir le scadáin ó Mhuir Bhailt Láir, a mbaineann tábhacht mhór shocheacnamaíoch lena n-iascach, thug ICES comhairle maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe lena ngabhann raonta gabhálacha[9]. An tráth céanna, measann ICES gur lú an stoc ná $B_{lim}$ den chuid is mó le 30 bliain anuas, lena n-áirítear le blianta beaga anuas, agus go bhfuil dóchúlacht ann go mbeidh an stoc faoi bhun $B_{lim}$ fós in 2025. Sna himthosca sin, is iomchuí, de bhun Rialachán (AE) 2016/1139, na deiseanna iascaireachta a shocrú sa raon íosta $F_{MSY}$, agus cosc le linn an tséasúir sceite a shocrú d'iascaigh a úsáideann trál peiligeach mar bheart ceartaitheach breise a bhfuil baint fheidhmiúil aige leis na deiseanna iascaireachta.**

Leasaítear Aithris 17 mar a leanas:

(17) Maidir le scadáin i Murascaill Ríge, measann ICES go bhfuil an bhithmhais os cionn $B_{trigger}$ agus go bhfuil an brú iascaireachta ag $F_{MSY}$[10]. **[...] Is iomchuí,** dá bhrí sin, na deiseanna iascaireachta a shocrú **[...] de bhun** Rialachán (AE) 2016/1139, **ag luach phointe $F_{MSY}$ [...]**
.

Leasaítear Aithris 18 mar a leanas:

8 https://doi.org/10.17895/ices.advice.21907944
9 https://doi.org/10.17895/ices.advice.23310368
10 https://doi.org/10.17895/ices.advice.21820512

(18) Maidir le leathóga, measann ICES go mbíonn troisc á bhfoghabháil in iascaigh leathóg[11]. Is iomchuí, dá bhrí sin, na deiseanna iascaireachta le haghaidh leathóg a shocrú,**[...]** de bhun Rialachán (AE) 2016/1139**, faoi bhun an luacha is ísle sa raon $F_{MSY}$.**

Leasaítear Aithris 19 mar a leanas:

(19) Maidir le saláin, measann ICES nach raibh aon earcaíocht láidir ann ó bhí 2014 ann, cé go bhfuil an bhithmhais os cionn $B_{trigger}$[12]. Ina theannta sin, measann ICES go raibh an earcaíocht ar leibhéal níos ísle ná riamh in 2021 agus 2022. Thairis sin, is minic gur iascaigh mheasctha iad na hiascaigh salán, ina mbíonn scadáin freisin. Is iomchuí, dá bhrí sin, na deiseanna iascaireachta le haghaidh salán a shocrú, **[...]** de bhun **[...]** Rialachán (AE) 2016/1139**, sa raon íosta comhfhreagrach $F_{MSY}$ .**

Leasaítear Aithris 22 mar a leanas:

(22) Maidir le troisc ó Mhuir Bhailt Thoir, troisc ó Mhuir Bhailt Thiar **[...]** **agus** scadáin ó Mhuir Bhailt Thiar, **[...]** tá bithmhais na stoc sin faoi bhun an $B_{lim}$. **[...]** I gcás na stoc sin go léir **in 2024**, ní cheadaítear ach iascaigh foghabhála agus eolaíocha [...]**, chomh maith le hiascaigh chósta ar mionscála i gcás scadáin ó Mhuir Bhailt Thiar**. Dá bhrí sin, agus i bhfianaise athléimneacht réasúnta íseal éiceachóras Mhuir Bhailt, tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit a bhfuil sciar cuóta de na TACanna ábhartha acu gan an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a chur i bhfeidhm maidir leis na stoic sin in 2024, ionas nach rachaidh gabhálacha in 2024 thar na TACanna ábhartha. Thairis sin, i bhforanna 22-30 ICES, tá an bhithmhais maidir le gach stoc bradán sna haibhneacha faoi bhun an phointe tagartha teorann do tháirgeadh gealóg ($R_{lim}$) agus ní cheadófar ach iascaigh foghabhála agus eolaíocha in 2024. Dá bhrí sin, thug na Ballstáit ábhartha gealltanas comhchosúil maidir le solúbthacht ó bhliain go bliain i ndáil le gabhálacha bradán sa phríomh-imchuach in 2024.

Leasaítear Aithris 23 mar a leanas:

(23) Le Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle[13] socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh troisc Ioruacha **ón 1 Samhain 2022** go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023 in **uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais** i roinn 3a **den Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (**ICES**)** **('Skagerrak-Kattegat'),** in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES agus in uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a ICES **('an Mhuir Thuaidh')**. Is ón 1 Samhain go dtí an 31 Deireadh Fómhair **an bhliain dár gcionn** a bheidh an séasúr iascaireachta le haghaidh troisc Ioruacha. **Chuaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i mbun comhairliúcháin dhéthaobhacha de bhun Airteagal 498(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair**

[11] https://doi.org/10.17895/ices.advice.21820533 agus https://doi.org/10.17895/ices.advice.21820539
[12] https://doi.org/10.17895/ices.advice.21820512
[13] Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1).

**an 16 Deireadh Fómhair 2023 agus tháinig siad ar chomhaontú maidir le TAC ar bhonn na comhairle ó ICES a foilsíodh an 9 Deireadh Fómhair 2023[14]. Déantar torthaí na gcomhairliúchán a dhoiciméadú sa Taifead i Scríbhinn, a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 20 Deireadh Fómhair 2023 agus a shínigh Ceann Toscaireachta na Ríochta Aontaithe agus ionadaí an Choimisiúin thar ceann an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 498(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair agus le Cinneadh (AE) 2021/1875 ón gComhairle. Dá bhrí sin, maidir leis na deiseanna iascaireachta ábhartha le haghaidh troisc Ioruacha i roinn 3a ICES, in uiscí na Ríochta Aontaithe agus in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4, agus in uiscí na Ríochta Aontaithe de roinn 2a ICES ón 1 Samhain 2023 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024, ba cheart iad a shocrú ag an leibhéal a leagtar amach sa taifead sin i scríbhinn**.

Cuirtear isteach aithris (24a) seo a leanas:

**(24a) Leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile, agus leis an bPrótacal a ghabhann leis[15], foráiltear go bhfaighidh an tAontas ó Rialtas na Graonlainne 7.7 % den TAC le haghaidh na gcaibeallán (*Mallotus villosus*) atá le gabháil in uiscí na Graonlainne d'fholimistéir 5 agus 14 ICES. An 5 Deireadh Fómhair 2023, chuir Rialtas na Graonlainne in iúl don Aontas nach bhfuil Rialtas na Graonlainne in ann caibealláin a thairiscint don Aontas le haghaidh na tréimhse comhfhreagraí, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch idirmheánach a d'fhoilsigh Institiúid Taighde Mara agus Fionnuisce na hÍoslainne, ina sonraítear nár cheart do na gabhálacha sa tréimhse '*geimhreadh 2023/2024*' a bheith níos mó ná nialas tona. Go dtí go n-eiseofar an chomhairle eolaíoch chríochnaitheach, a d'fhéadfadh ligean do Rialtas na Graonlainne caibealláin a thairiscint don Aontas, ba cheart dá bhrí sin na deiseanna iascaireachta le haghaidh an stoic sin i Rialachán (AE) 2023/194 a mharcáil 'Le bunú'.**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Aithris 26:

(26) Chun briseadh i ngníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Rialacháin seo a bhaineann le Muir Bhailt ón 1 Eanáir 2024. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le troisc Ioruacha i roinn 3a ICES, in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES, agus in uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a ICES ón 1 Samhain 2023 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024, ós rud é gurb é sin séasúr iascaireachta an troisc Ioruaigh. **Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le cadóga i bhfolimistéar 4, roinn 6a agus roinn 3a ICES (an Mhuir Thuaidh, Iarthar na hAlban, Skagerrak) ón 1 Samhain 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023, chun úsáid iomlán na ndeiseanna**

[14] https://ices-library.figshare.com/articles/report/Norway_pout_i_Trisopterus_esmarkii_i_in_Subarea_4_and_Division_3_a_North_Sea_Skagerrak_and_Kattegat_/21907857?backTo=/collections/ICES_Advice_2023/6398177

[15] IO L 175, 18.5.2021, lch. 3. D'fhormheas an tAontas an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile, agus an Prótacal cur chun feidhme a ghabhann leis, trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/2043 ón gComhairle an 18 Samhain 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile, agus an Phrótacail cur chun feidhme a ghabhann leis (IO L 418, 24.11.2021, lch. 1).

**<u>iascaireachta le haghaidh 2023 a ráthú.</u>** Ar chúiseanna práinne, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe,

<u>Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:</u>

*Airteagal 5*

**Forálacha speisialta maidir le cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta**

1. Beidh cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta idir na Ballstáit a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar do na nithe seo a leanas:

   (a) malartuithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

   (b) asbhaintí agus ath-chionrannta arna ndéanamh de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

   (c) gabhálacha breise arna gceadú faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 **[...]** **<u>nó</u>** faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

   (d) cainníochtaí arna gcoinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 **[...]** **<u>nó</u>** a aistríodh faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

   (e) asbhaintí arna ndéanamh de bhun Airteagail 105, 106 agus 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Déantar na stoic atá faoi réir TACanna réamhchúraim nó anailíseacha chun na TACanna agus na cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 847/96 a shainaithint san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Seachas i gcás ina sonraítear a mhalairt san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le stoic atá faoi réir TAC réamhchúraim, agus beidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) agus Airteagal 4 den Rialachán sin maidir le stoic atá faoi réir TAC anailíseach.

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i gcás ina núsáidfidh Ballstát an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

<u>Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:</u>

*Airteagal 7*

**Dúnadh chun sceitheadh trosc a chosaint**

1. Beidh toirmeasc ar iascaireacht le haon chineál trealaimh iascaireachta i bhforanna 25 agus 26 ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos i mír 1 sna cásanna seo a leanas:

(a) oibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad, agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéantar na himscrúduithe sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241;

(b) soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar lú a bhfad iomlán ná 12 mhéadar agus a bhíonn ag iascaireacht le heangacha geolbhaigh, líonta fostúcháin nó traimlí, doruithe grinneallsocraithe, spiléir, sruthdhoruithe, doruithe láimhe agus trealamh díreoige nó gléasanna comhchosúla éighníomhacha i limistéir

inar lú ná 20 méadar doimhneacht an uisce de réir na gcomhordanáidí ar an muirchairt oifigiúil arna heisiúint ag na húdaráis náisiúnta inniúla.

(c) **<u>Sithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i bhforoinn 25 ar stoic pheiligeacha lena gcaitheamh go díreach ag an duine, a bhfuil trealaimh á n-úsáid acu arb ionann méid a mogaill agus 45 mm nó ar lú é ná sin, i limistéir inar lú ná 50 méadar doimhneacht an uisce de réir na gcomhordanáidí ar an muirchairt oifigiúil arna heisiúint ag na húdaráis náisiúnta inniúla, agus a ndéantar sórtáil ar na gabhálacha dá gcuid arna dtabhairt i dtír.</u>**

3. Beidh toirmeasc ar iascaireacht le haon chineál trealaimh iascaireachta i bhforanna 22 agus 23 ón 15 Eanáir go dtí an 31 Márta, agus i bhforoinn 24 ón 15 Bealtaine go dtí an 15 Lúnasa.

4. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar síos i mír 3 sna cásanna seo a leanas:

(a) oibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad, agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéantar na himscrúduithe sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241;

(b) soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar lú a bhfad iomlán ná 12 mhéadar agus a bhíonn ag iascaireacht le heangacha geolbhaigh, líonta fostúcháin nó traimlí, doruithe grinneallsocraithe, spiléir, sruthdhoruithe, doruithe láimhe agus trealamh díreoige, nó gléasanna comhchosúla éighníomhacha i limistéir inar lú ná 20 méadar doimhneacht an uisce de réir na gcomhordanáidí ar an muirchairt oifigiúil arna heisiúint ag na húdaráis náisiúnta inniúla;

(c) **<u>Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i bhforoinn 24 ar stoic pheiligeacha lena gcaitheamh go díreach ag an duine, a bhfuil trealaimh á n-úsáid acu arb ionann méid a mogaill agus 45 mm nó ar lú é ná sin, i limistéir inar lú ná 40 méadar doimhneacht an uisce de réir na gcomhordanáidí ar an muirchairt oifigiúil arna heisiúint ag na húdaráis náisiúnta inniúla, agus a ndéantar sórtáil ar na gabhálacha dá gcuid arna dtabhairt i dtír</u>**

(d) soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhíonn ag iascaireacht le dreidirí ar mhoilisc dhébhlaoscacha i bhforoinn 22 i limistéir ar lú doimhneacht an uisce ná 20 méadar de réir na gcomhordanáidí ar an muirchairt oifigiúil arna heisiúint ag na húdaráis náisiúnta inniúla.

5. Áiritheoidh máistrí shoithí iascaireachta an Aontais dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), agus mír 4, pointí (b) agus (c), go bhféadfaidh údaráis rialúcháin an Bhallstáit inniúil faireachán a dhéanamh ar a ngníomhaíocht iascaireachta tráth ar bith.

<u>Cuirtear Airteagal 7a isteach:</u>

## *Airteagal 7a*
## Tréimhsí coiscthe chun sceitheadh scadán a chosaint i bhforanna 25-27, 28.2, 29 agus 32

**Beidh toirmeasc ar speicis pheiligeacha a iascach agus trál peiligeach á úsáid le linn na dtréimhsí a leanas:**

- **i bhforanna 25 agus 26 ón 1 Aibreán go dtí an 30 Aibreán;**
- **i bhforanna 27 agus 28.2 ón 16 Aibreán go dtí an 15 Bealtaine;**
- **i bhforanna 29 agus 32 ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Bealtaine.**

Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

In Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

(1) In Iarscríbhinn IA, Cuid B, in ionad thábla na ndeiseanna iascaireachta le haghaidh trosc Ioruach (*Trisopterus esmarkii*) **in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais** i roinn 3a **('Skagerrak-Kattegat') den Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (**ICES**),** in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES agus in uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a ICES **('an Mhuir Thuaidh')**, cuirtear an méid seo a leanas:

| 'Speiceas: | trosc Ioruach agus foghabhálacha gaolmhara<br>*Trisopterus esmarki* | | | | Limistéar: | 3a; Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; Uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a<br>(NOP/2A3A4.) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Bliain** | **2023** | | **2024** | | | |
| An Danmhairg | **49 478** | (1)(3) | **8 226** | (1)(6) | TAC anailíseach | |
| An Ghearmáin | **9** | (1)(2)(3) | **2** | (1)(2)(6) | **Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(1) agus 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.** | |
| An Ísiltír | **36** | (1)(2)(3) | **6** | (1)(2)(6) | | |
| An tAontas | **49 524** | (1)(3) | **8 234** | (1)(6) | **Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.** | |
| An Ríocht Aontaithe | **10 204** | (2)(3) | **2 058** | (2)(6) | | |
| An Iorua | **0** | (4) | **0** | (4) | | |
| Oileáin Fharó | **0** | (5) | **0** | (5) | | |
| TAC | **59 728** | | **10 292** | | | |

(1) Féadfaidh suas le 5 % den chuóta a bheith ina bhfoghabhálacha cadóg agus faoitíní (OT2/* 2A3A4). Foghabhálacha cadóg agus faoitíní arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a chéile, thar 9 % den chuóta.

(2) Ní fhéadfar an cuóta a iascach ach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 2a, 3a agus 4.

(3) Ní fhéadfar é a iascach ach ón 1 Samhain 2022 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2023.

(4) Bainfear úsáid as greille shórtála.

(5) Bainfear úsáid as greille shórtála. Áirítear leis an méid seo uasmhéid 15 % d'fhoghabhálacha dosheachanta (NOP/*2A3A4), nach mór a chomhaireamh in aghaidh an chuóta seo.

(6) Ní fhéadfar é a iascach ach ón 1 Samhain 2023 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.

Cuirtear an pointe seo a leanas le hAirteagal 12:

**(3) In Iarscríbhinn IB, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh na gcaibeallán (*Mallotus villosus*) in uiscí na Graonlainne i bhfolimistéir 5 agus 14 ICES:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| ‘Speiceas: | Caibeallán<br>*Mallotus villosus* | Limistéar: | Uiscí na Graonlainne i limistéir 5 agus 14<br>(CAP/514GRN) |
| An Danmhairg | **Le bunú** | | TAC anailíseach<br>**Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(1) agus 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.**<br>**Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96.** |
| An Ghearmáin | **Le bunú** | | |
| An tSualainn | **Le bunú** | | |
| Na Ballstáit uile | **Le bunú** [1] | | |
| An tAontas | **Le bunú** [2][3] | | |
| An Iorua | **Le bunú** [3] | | |
| TAC | **Ní bhaineann le hábhar** | | |

(1) Ní bheidh rochtain ag an Danmhairg, ag an nGearmáin, ná ag an tSualainn ar an gcuóta ‘Na Ballstáit uile’ go dtí go mbeidh a gcuóta féin ídithe acu. Ní bheidh aon rochtain ar an gcuóta ‘na Ballstáit uile’, áfach, ag Ballstáit a bhfuil níos mó ná 10 % de chuóta an Aontais acu. Na gabhálacha atá le ríomh in aghaidh an chuóta chomhroinnte seo, déanfar iad a thuairisciú ar leithligh (CAP/514GRN_AMS).

(2) Is féidir tús a chur le hiascaireacht nuair a ghlacfaidh an tAontas tairiscint le haghaidh na gcuótaí sin ó údaráis na Graonlainne faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus Rialtas na Graonlainne agus Rialtas na Danmhairge, den pháirt eile, agus an Phrótacail cur chun feidhme a ghabhann leis. Áiritheoidh na Ballstáit nach sáróidh a ngabhálacha an chainníocht a fuarthas ó údaráis na Graonlainne, tar éis na cainníochtaí a aistríodh chuig an Iorua a asbhaint.

(3) Maidir le tréimhse iascaireachta ón 15 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 15 Aibreán 2024.’

In Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

(b) **Beidh feidhm ag Airteagal 12, pointe (2), ón 1 Samhain 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.**

## **2. ATHRUITHE AR AN IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN**

**Tábla 1**

| Speiceas: | Scadán *Clupea harengus* | | Limistéar: | Foranna 30-31 (HER/30/31.) |
|---|---|---|---|---|
| An Fhionlainn | **[...] 45 092** | [...] | TAC anailíseach | |
| An tSualainn | **[...] 9 908** | [...] | **[...]** | |
| An tAontas | **[...] 55 000** | [...] | **[...]** | |
| TAC | **[...] 55 000** | [...] | | |
| [...] | **[...]**<br><br>**[...]** | | | |

**Tábla 2**

| Speiceas: | Scadán *Clupea harengus* | | Limistéar: | Foranna 22-24 (HER/3BC+24) |
|---|---|---|---|---|
| An Danmhairg | **[...] 110** | (1) | TAC anailíseach | |
| An Ghearmáin | **[...] 435** | (1) | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. | |
| An Fhionlainn | **0** | (1) | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. | |
| An Pholainn | **[...] 103** | (1) | | |
| An tSualainn | **[...] 140** | (1) | | |
| An tAontas | **[...] 788** | (1) | | |
| TAC | **[...] 788** | (1) | | |
| (1) | Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírithe faoin gcuóta seo.<br><br>De mhaolú ar an gcéad mhír, féadfar oibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad, agus chun na críche sin amháin, a dhíriú ar an scadán ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.<br><br>**De mhaolú ar an gcéad mhír, ceadaítear iascaireacht a dhéanamh ar an gcuóta sin i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar lú a bhfad iomlán ná 12 mhéadar a bhíonn ag iascaireacht le heangacha geolbhaigh, líonta fostúcháin, doruithe láimhe, eangacha sáinne nó trealamh díreoige. Áiritheoidh máistrí na soithí iascaireachta sin go bhféadfaidh údaráis rialúcháin an Bhallstáit inniúil faireachán a dhéanamh ar a ngníomhaíochtaí iascaireachta am ar bith.** | | | |

**Tábla 3**

| Speiceas: | Scadán<br>*Clupea harengus* | | Limistéar: | Uiscí an Aontais i bhforanna 25-27, 28.2, 29 agus 32<br>(HER/3D-R30) |
|---|---|---|---|---|
| An Danmhairg | **[...]** <u>**888**</u> | [...] | TAC anailíseach | |
| An Ghearmáin | **[...]** <u>**235**</u> | [...] | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. | |
| An Eastóin | **[...]** <u>**4 535**</u> | [...] | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. | |
| An Fhionlainn | **[...]** <u>**8 853**</u> | [...] | | |
| An Laitvia | **[...]** <u>**1 119**</u> | [...] | | |
| An Liotuáin | **[...]** <u>**1 178**</u> | [...] | | |
| An Pholainn | **[...]** <u>**10 057**</u> | [...] | | |
| An tSualainn | **[...]** <u>**13 503**</u> | [...] | | |
| An tAontas | **[...]** <u>**40 368**</u> | [...] | | |
| TAC | Ní bhaineann le hábhar | | | |
| [...] | **[...]**<br>**[...]** | | | |

**Tábla 4**

| Speiceas: | Scadán<br>*Clupea harengus* | Limistéar: | Foroinn 28.1<br>(HER/03D.RG) |
|---|---|---|---|
| An Eastóin | **[...]** <u>**17 529**</u> | TAC anailíseach | |
| An Laitvia | **[...]** <u>**20 430**</u> | Beidh feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo. | |
| An tAontas | **[...]** <u>**37 959**</u> | | |
| TAC | **[...]** <u>**37 959**</u> | | |

**Tábla 6**

| Speiceas: | Trosc *Gadus morhua* | | Limistéar: | Foranna 22-24 (COD/3BC+24) |
|---|---|---|---|---|
| An Danmhairg | **[...]** | **[...]** **148** (1) | TAC réamhchúraim | |
| An Ghearmáin | | **[...]** **73** (1) | Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96. | |
| An Eastóin | | **[...]** **3** (1) | | |
| An Fhionlainn | | **[...]** **3** (1) | | |
| An Laitvia | | **[...]** **12** (1) | | |
| An Liotuáin | | **[...]** **8** (1) | | |
| An Pholainn | | **[...]** **40** (1) | | |
| An tSualainn | | **[...]** **53** (1) | | |
| An tAontas | | **[...]** **340** (1) | | |
| TAC | | **[...]** **340** (1) | | |

(1) Go heisiach le haghaidh foghabhálacha. Ní cheadaítear iascaireacht spriocdhírithe faoin gcuóta seo.

De mhaolú ar an gcéad mhír, féadfar oibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad, agus chun na críche sin amháin, a dhíriú ar an trosc ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.

**Tábla 10**

| Speiceas: | Salán *Sprattus sprattus* | Limistéar: | Uiscí an Aontais i bhforanna 22-32 (SPR/3BCD-C) |
|---|---|---|---|
| An Danmhairg | **[...]** **19 827** | TAC anailíseach | |
| An Ghearmáin | **[...]** **12 561** | Beidh feidhm ag Airteagal 6 den Rialachán seo. | |
| An Eastóin | **[...]** **23 024** | | |
| An Fhionlainn | **[...]** **10 379** | | |
| An Laitvia | **[...]** **27 807** | | |
| An Liotuáin | **[...]** **10 059** | | |
| An Pholainn | **[...]** **59 013** | | |
| An tSualainn | **[...]** **38 330** | | |
| An tAontas | **[...]** **201 000** | | |

| | |
|---|---|
| | **<u>201 000</u>** |
| TAC | Ní bhaineann le hábhar |

## 3. RÁITIS

### Ráiteas ón gCoimisiún maidir le scadán i Muir na Boitnia agus scadán Mhuir Bhailt Láir

Tugann an Coimisiún dá aire an cinneadh ón gComhairle gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a shocrú ar leibhéil ísle i gcás scadáin i Muir na Boitnia agus scadán Mhuir Bhailt Láir, mar aon le bearta ceartaitheacha atá dírithe ar na stoic sin a athbhunú go leibhéil os cionn MYS $B_{trigger}$.

Mar sin féin, is oth leis an gCoimisiún nár chinn an Chomhairle an t-iascach spriocdhírithe a dhúnadh le haghaidh an dá stoc le haghaidh 2024, rud a chuideodh le téarnamh níos gasta maidir leis na stoic.

### Ráiteas ón gCoimisiún maidir le pleananna ilbhliantúla

Tuigeann an Coimisiún an fáth a ndéanann na Ballstáit iarrataí tograí a thíolacadh le haghaidh leasú spriocdhírithe ar an bplean ilbhliantúil le haghaidh Muir Bhailt, na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair. Meabhraítear don Choimisiún go bhfuil an ceart maidir le tionscnamh reachtach aige i gcomhréir leis an gConradh. Is faoin gCoimisiún atá sé aird a thabhairt ar uainiú agus ábhar aon togra mar sin atá le tíolacadh.

### Dearbhú ón gCoimisiún, ón bhFionlainn agus ón tSualainn maidir le bainistiú na n-iascach bradán i bhforanna 29N agus 30

Measann an Fhionlainn agus an tSualainn gur raibh galar ar stoc bradán Ljungan, ach gur éirigh cúrsaí níos fearr i dtaca leis an stoc in 2023 nuair a bhí báire sceite níos mó ann agus, meastar, líon níos mó gealóg ann.

Measann an Fhionlainn agus an tSualainn freisin gur lú, i dtaca le stoc bradán Ljungan, a bhraitheann an dóchúlacht go mbainfear $B_{lim}$ amach ar bhásmhaireacht iascaireachta. Dá bhrí sin, tá siad den bharúil go bhfuil bearta bainistíochta spriocdhírithe níos éifeachtaí i dtaca le téarnamh stoc bradán Ljungan.

Measann an Fhionlainn agus an tSualainn gur srian mór é gan tosú ar iascaireacht bradán tráchtála agus áineasa go dtí an 20 Bealtaine 2024 le hais tús a chur léi an 1 Bealtaine mar atá molta ag ICES. Dá ndéanfaí sin, measann siad go bhféadfadh bradáin fhiáine luachmhara móra imirce a dhéanamh níos luaithe, lena n-áirítear bradáin aonair as stoc bradán Ljungan a bheith ag tarraingt ar na

haibhneacha inar sceitheadh iad, sula gcuirfear tús le hiascach bradán. Thairis sin, bheadh an tSualainn ullamh le srianta réigiúnacha ar iascaireacht bradán a chur chun feidhme in abhainn Ljungan agus in áiteanna eile.

Tá an Fhionlainn agus an tSualainn ar aon fhocal freisin gur beart suntasach é an TAC a laghdú go 53 967 mbradán ar mhaithe le stoc bradán a chaomhnú.

Iarrfaidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis an bhFionlainn agus leis an tSualainn, ar ICES comhairle eolaíoch a chur ar fáil a luaithe is féidir, mar ábhar práinne, maidir leis na bearta bainistíochta atá an Fhionlainn agus an tSualainn réidh le cur i bhfeidhm le haghaidh iascaigh bradán i bhforanna 29N agus 30. Cuirfidh an Fhionlainn agus an tSualainn an fhaisnéis eolaíoch agus an saineolas is gá le haghaidh na comhairle sin ar fáil do ICES agus don Choimisiún. Ar bhonn na comhairle sin ó ICES, tíolacfaidh an Coimisiún, más iomchuí, togra le haghaidh leasú ar an Rialachán maidir le Deiseanna Iascaireachta i Muir Bhailt.

**Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón Eastóin, ón nGearmáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le hiascach áineasa le haghaidh throsc an Iarthair**

Tá imní i gcónaí ar an Danmhairg, ar an Eastóin, ar an nGearmáin, ar an bPolainn agus ar an tSualainn faoi stádas throsc an Iarthair agus tá siad tiomanta i gcónaí do théarnamh an stoic. Ag an am céanna, aithníonn siad an tábhacht shocheacnamaíoch agus chultúrtha a bhaineann le hiascach áineasa. Iarrann na Ballstáit sin ar an gCoimisiún a mharana a dhéanamh ar iascach áineasa a athoscailt do throsc an Iarthair i dtograí a bheidh ann amach anseo, a luaithe a cheadóidh an chomhairle eolaíoch teorainn iomchuí ghabhála a thabhairt isteach arís. D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh freisin ar bhearta coiteanna breise maidir le iascach áineasa le haghaidh trosc chun stoc throsc an Iarthair a chosaint, mar shampla íosmhéideanna agus uasmhéideanna tagartha.

**Ráiteas Comhpháirteach ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le hAirteagal 15(9) den bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le trosc Mhuir Bhailt Thoir agus Mhuir Bhailt Thiar in 2024**

Ós rud é go bhfuil bithmhais na stoc trosc i Muir Bhailt Thoir agus i Muir Bhailt Thiar faoi bhun $B_{lim}$, agus chun téarnamh an stoic a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1139, geallann an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn agus an tSualainn nach mbainfidh siad leas as solúbthacht idirbhliantúil faoi

Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2024. Is freagairt é an gealltanas siúd ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair do stoic trosc i Muir Bhailt Thoir agus i Muir Bhailt Thiar.

**Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le hAirteagal 15(9) den bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le scadán Mhuir Bhailt Thiar in 2024**

Ós rud é go bhfuil bithmhais an stoic scadán i Muir Bhailt Thiar faoi bhun $B_{lim}$, agus chun téarnamh an stoic a áirithiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/1139, geallann an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Pholainn agus an tSualainn nach mbainfidh siad leas as solúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an stoc sin in 2024. Is freagairt é an gealltanas siúd ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair i gcás stoc scadán Mhuir Bhailt Thiar.

**Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón Eastóin, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin agus ón bPolainn maidir le hAirteagal 15(9) sa bhunrialachán a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le bradán sa phríomh- imchuach in 2024**

Ós rud é go bhfuil nach mór gach stoc bradáin fhiáin in aibhneacha sna foranna 22-30 go maith faoi bhun $R_{lim}$, agus chun téarnamh na stoc a áirithiú, geallann an Danmhairg, an Eastóin, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin agus an Pholainn nach mbainfidh siad leas as an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2024. Is freagairt é an gealltanas sin ar na cúinsí eisceachtúla atá ann faoi láthair maidir le stoic bradán fiáin in aibhneacha i bhforanna 22-30.

**Ráiteas Comhpháirteach ón gCoimisiún, agus ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón nGearmáin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón tSualainn maidir le malartuithe cuótaí do throsc Mhuir Bhailt Thoir agus Mhuir Bhailt Thiar**

De mheon na dlúthpháirtíochta, féachfaidh Ballstát nach bhfuil iomlán a chuóta foghabhála do throsc Mhuir Bhailt Thoir nó Mhuir Bhailt Thiar ag teastáil uaidh, féachfaidh sé le teacht ar chomhaontú maidir le malartuithe cuótaí le Ballstát ar féidir leis a léiriú go mbeidh air dul i ngleic le tachtadh iascaigh mar gheall ar na cuótaí teoranta atá aige do throsc Mhuir Bhailt Thoir agus Mhuir Bhailt Thiar.

**Ráiteas comhpháirteach ón Danmhairg, ón Eastóin, ón nGearmáin, ón Liotuáin agus ón bPolainn maidir le haistrithe cuótaí na mbradán sa phríomh- imchuach**

De mheon na dlúthpháirtíochta agus ag aithint na n-iarrachtaí caomhnaithe atá déanta ag an bhFionlainn agus ag an tSualainn, as ar eascair stoic shláintiúla ina n-uiscí féin, féachfaidh Ballstát nach bhfuil in ann a chuóta iomlán a úsáid do bhradán sa phríomh- imchuacha ar an gcuid sin den chuóta nár úsáideadh nó nach féidir a úsáid a aistriú go dtí an Fhionlainn agus/nó an tSualainn.

**Ráiteas comhpháirteach ón gCoimisiún agus ón nGearmáin maidir leis an rogha tacú le scor sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta faoin gCiste Eorpach Muirí Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID)**

1. De réir Airteagal 5(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, d'fhéadfaí, faoi choinníollacha áirithe, bearta éigeandála arna nglacadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas iascaigh a áireamh sna bearta leighis chun críoch Airteagal 5 den Rialachán sin.

2. I bhfianaise mheasúnú na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) ar an trosc agus ar an scadán i bhforanna 22-24, measann an Ghearmáin, dá bhrí sin, gur gá bearta éigeandála a ghlacadh de bhun Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Is é atá sna bearta éigeandála i bhforanna 22-24 do shoithí iascaireachta Gearmánacha tréimhse choiscthe 30 lá a thabhairt isteach chun trosc a chosaint sa bhreis ar an gcosc le linn séasúr sceite trosc a leagtar síos in Airteagal 7(3) den Rialachán lena socraítear do 2024 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt nach mbeidh feidhm ag an díolúine atá in Airteagal 7 (4)(b) lena linn, agus teorainn bhreise 30 lá a chur le hiascach scadán ar lena linn a chuirtear isteach ar an díolúine d'iascach cósta áirithe ar mionscála agus iascach foghabhálacha móra scadán ón toirmeasc díriú ar scadán an iarthair.

3. Tá an Coimisiún agus an Ghearmáin ar aon fhocal go bhfuil an beart éigeandála sin incháilithe do chistiú faoi Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 ar choinníoll go bhfuil sé i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 21(2)(c) den Rialachán sin.